RFG1

Iarratas chun bheith taifeadta ar fhorlíonadh Liosta na bPostvótálaithe ag toghthóirí nach mbeidh ar a gcumas vótáil ag a n-áit vótaíochta de bharr imthosca a gcoinneála i bpríosún de bhun ordaithe ó chúirt)

(Léigh na nótaí thall go cúramach, le do thoil, sula gcomhlánfaidh tú an fhoirm)

==========

CUID A – SONRAÍ AN IARRATASÓRA

Ainm (BLOCLITREACHA): _____
[Cuir sonraí eile cosúil le Sinsearach, Sóisearach, ainm eile nó túslitir san áireamh le do thoil más rud é go bhfuil duine eile leis an ainm baiste agus an sloinne céanna cláraithe ag an seoladh céanna]

Seoladh Reatha Baile[1] (BLOCLITREACHA) (Féach nóta 2(a) thall): _____

_____

Seoladh Díreach Roimh Phríosúnacht (má tá éagsúil ón seoladh thuas) (BLOCLITREACHA) (Féach nóta 2(b) thall):

_____

Dáta Breithe: _____

Uimhir ar chlár na dtoghthóirí (más eol duit): _____

==========

DEARBHÚ AGUS IARRATAS

Dearbhaím leis seo, gur dócha nach mbeidh ar mo chumas bheith i láthair ar an lá vótaíochta chun vótáil ag an áit vótaíochta de bharr imthosca mo choinneála i bpríosún. Déanaim iarratas leis seo m'ainm a thaifeadadh ar fhorlíonadh liosta na bpostvótálaithe.

Síniú nó Marc: _____ Dáta: _____

Ainm agus seoladh an Phríosúin (Féach nóta 2(c) thall):_____

==========

CUID B – TEASTAS Ó OIFIGEACH IOMCHUÍ AN PHRÍOSÚIN[2]

(Ní mór an chuid seo a chomhlánú le gach iarratas)

Deimhním leis seo go bhfuil an t-iarratasóir a ainmnítear thuas á choinneáil nó á coinneáil i bpríosún faoi láthair de bhun ordaithe ó chúirt agus gur dócha de bhua imthosca a choinneála/a coinneála nach mbeidh ar a chumas/a cumas a bheith i láthair ar an lá vótaíochta chun vótáil ag áit vótaíochta.

Síniú an Oifigigh Iomchuí: _____ Ainm **(BLOCLITREACHA)**: _____ Céim/Teideal: _____ Uimh. an oifigigh iomchuí:_____ Teileafón:_____ Dáta: _____	Stampa an Phríosúin

[1] Seoladh na háite, mar a luaitear é ar chlár na dtoghthóirí, ina mbeadh cónaí ort faoi láthair mura mbeifeá i bpríosún. Beidh ar do chumas vótáil d'iarrthóirí sa dáilcheantar ina bhfuil an seoladh seo le fáil.

[2] Is "oifigeach iomchuí" Rialtóir nó duine atá ceaptha aige nó aici chun dualgais chlárúcháin agus dualgais a bhaineann le cúrsaí vótála a dhéanamh.

Nótaí

Iarratas chun bheith taifeadta ar Fhorlíonadh Liosta na bPostvótálaithe ag toghthóirí nach mbeidh ar a gcumas vótáil ag a n-áit vótaíochta de bharr imthosca a gcoinneála i bpríosún de bhun ordaithe ó chúirt)

(Léigh na nótaí agus na treoracha seo go cúramach le do thoil sula gcomhlánfaidh tú an fhoirm)

1. **Toghthóirí ar féidir leo iarratas a dhéanamh chun bheith taifeadta ar Fhorlíonadh liosta na bpostvótálaithe:**

   Is féidir leat iarratas a dhéanamh, ar an gcoinníoll go bhfuil tú cláraithe mar thoghthóir, chun bheith taifeadta ar fhorlíonadh liosta na bpostvótálaithe más rud é gur dócha nach mbeidh ar do chumas a bheith i láthair ar an lá vótaíochta ag toghchán nó reifreann chun vótáil ag áit vótaíochta de bharr imthosca do choinneála i bpríosún de bhun ordaithe ó chúirt. Ní mór duit, más gá sin, a bheith ábalta a chruthú chun sástacht an údaráis chlárúcháin go raibh gnáthchónaí ort sa Stát sula ndearnadh tú a choinneáil. (I gcás nach bhfuil tú ar chlár na dtoghthóirí, ní mór duit chomh maith Foirm RFA, nó ag tráth níos déanaí ná 25 Samhain in aon bhliain maidir le clár na céad bliana eile, Foirm RFA4 a chomhlánú chun a bheith taifeadta ar Fhorlíonadh an Chláir.)

2. **An fhoirm iarratais a chomhlánú:**

   Ní mór duit Cuid A den fhoirm a chomhlánú chun iarratas a dhéanamh chun bheith taifeadta ar fhorlíonadh liosta na bpostvótálaithe.

   (a) Ní mór duit d'ainm iomlán agus do sheoladh reatha baile a thabhairt de réir mar atá siad taifeadta ar chlár na dtoghthóirí. Is ea an seoladh reatha baile an áit ina mbeadh cónaí ort mura mbeifeá i bpríosún.
   (b) I gcás go raibh seoladh éagsúil ón gceann seo agat díreach roimh dhul i bpríosún duit, ní mór duit an seoladh sin a thabhairt chomh maith. Beidh ar do chumas, dá bhrí sin, vótáil d'iarrthóirí i do dháilcheantar áitiúil féin.
   (c) Ní mór duit ainm agus seoladh an phríosúin a thabhairt chomh maith ionas go mbeifear ábalta an páipéar ballóide a sheoladh chugat.

   Tá sé tábhachtach go gcuirfeá do shíniú/do mharc agus an dáta ar an bhfoirm iarratais chun go mbeidh an t-iarratas bailí.

3. **Deimhniú na foirme iarratais agus a seoladh ar ais leis an bpost:**

   Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe agat, is cóir duit í a thabhairt de láimh d'oifigeach iomchuí an phríosúin chun go ndeimhneoidh sé nó sí gur dócha nach mbeidh ar do chumas a beith i láthair ag an áit vótaíochta chun vótáil de bharr imthosca do choinneála i bpríosún. A thúisce is a dhéantar toghchán nó reifreann a ghairm is fíorbheagán ama a bhíonn ann don dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe agus doiciméadú a

ghabhann leo a bheith faighte maidir le bheith taifeadta ar fhorlíonadh liosta na bpostvótálaithe. Ní mór go sroichfeadh na doiciméid iomchuí go léir d'údarás clárúcháin áitiúil sa limistéar ina bhfuil tú cláraithe ar chlár na dtoghthóirí ag tráth nach déanaí ná an lá deiridh d'iarratais ar an bhforlíonadh do liosta na bpostvótálaithe a bheith faighte. **Sin 2 lá tar éis don Dáil a bheith díscaoilte** i gcás olltoghcháin nó **2 lá tar éis ordú ag ceapadh lá vótaíochta a bheith déanta** i gcás fo-thoghchán Dála nó toghchán an Uachtaráin, na hEorpa, toghchán Áitiúil nó toghchán Údarás na Gaeltachta nó i gcás reifrinn.

I gcás go bhfuil tú cláraithe i gcathair (.i. Corcaigh, Baile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach nó Port Láirge) ní mór an fhoirm a sheoladh chuig an gComhairle Cathrach ag Áras an Chontae. I gcás go bhfuil tú cláraithe i gcontae ní mór an fhoirm a sheoladh chuig príomhoifig na Comhairle Contae. Déanfaidh an t-oifigeach iomchuí socruithe chun an doiciméad comhlánaithe a sheoladh leis an bpost chuig an údarás clárúcháin iomchuí.

4. **Céard a tharlóidh ansin?**

I gcás go mbeidh d'iarratas faighte ag údarás clárúcháin:

(i) roimh an dáta deiridh chun iarratais a bheith faighte, agus
(ii) gur deimhin dó go bhfuil tú cáilithe chun bheith taifeadta ar fhorlíonadh liosta na bpostvótálaithe, agus
(iii) gur deimhin dó go bhfuil d'iarratas comhlánaithe agus deimhnithe i gceart,

déanfar d'ainm a thaifeadadh ar an bhforlíonadh do liosta na bpostvótálaithe. D'fhéadfadh go mbeadh faisnéis nó doiciméid bhreise de dhíth ar an údarás clárúcháin chun cinneadh a dhéanamh faoi do cháilitheacht le bheith taifeadta ar an bhforlíonadh do liosta na bpostvótálaithe. Más rud é, i gcás go lorgaíonn údarás clárúcháin aon fhaisnéis nó doiciméid bhreise agus go sonraíonn sé dáta inar mhór don fhaisnéis nó do na doiciméid sin a bheith curtha ar fáil, go dteipeann ort déanamh amhlaidh laistigh den am sonraithe measfar go mbeidh d'iarratas tarraingthe siar.

Cuirfidh an t-údarás clárúcháin an bhreith a glacadh maidir le d'iarratas in iúl duit agus, i gcás go ndiúltaítear é tabharfar na cúiseanna gur diúltaíodh é duit.

5. **Modh vótála a bheidh ag an gcatagóir seo de phostvótálaí:**

Seolfar páipéar ballóide agus dearbhú céannachta roimh an lá vótaíochta chuig toghthóir a bheidh taifeadta ar liosta na bpostvótálaithe nó ar fhorlíonadh liosta na bpostvótálaithe de bharr imthosca a choinneála/a coinneála. Beidh sé de dhíth ort, chun vótáil, an clúdach atá dírithe chugat, an páipéar ballóide neamh-mharcáilte agus an dearbhú céannachta a thabhairt de láimh don oifigeach iomchuí sa phríosún. Beidh sé de dhíth ort an dearbhú céannachta a chomhlánú agus a shíniú (a mharcáil) i láthair an oifigigh iomchuí, agus déanfaidh sé nó sí, ar a bheith deimhin dó nó dí de do chéannacht, an dearbhú a fhianú agus an dearbhú céannachta a stampáil le stampa an phríosúin. Féadfaidh tú ansin an páipéar ballóide a mharcáil (go rúnda), é a chur sa chlúdach páipéir ballóide, na doiciméid go léir a chur san fhorchlúdach, é a shéalú agus an clúdach sin a thabhairt de láimh don oifigeach iomchuí a dhéanfaidh socruithe chun é a chur leis an bpost chuig an gceann comhairimh chomh luath is féidir é.

6. **Scaoileadh saor ón bpríosún agus araile**

Má cheadaítear d'iarratas chun bheith taifeadta ar fhorlíonadh liosta na bpostvótálaithe is leis an bpost amháin a bheidh tú ábalta vótáil. Mura bhfuil tú i bpríosún a thuilleadh agus má tá tú fós ar liosta na bpostvótálaithe, ní bheidh tú ábalta vótáil ag áit vótaíochta go dtí go scríobhfaidh tú chuig an údarás clárúcháin chun d'ainm a scriosadh as liosta na bpostvótálaithe. Ní mór é sin a dhéanamh laistigh de thréimhse áirithe sula dtionólfar toghchán nó reifreann (.i. **2 lá tar éis don Dáil a bheith díscaoilte** i gcás olltoghcháin nó **2 lá tar éis ordú ag ceapadh lá vótaíochta** a bheith déanta i gcás fo-thoghchán Dála nó toghchán an Uachtaráin, na hEorpa, toghchán áitiúil nó i gcás reifrinn).

Más rud é go mbíonn tú fós ar liosta na bpostvótálaithe, áfach, ar lá toghcháin nó reifrinn agus i gcás go mbeidh am chun déanamh amhlaidh, is féidir leis an gceann comhairimh an clúdach (ina mbeidh an páipéar ballóide agus araile) a sheoladh an athuair chugat ag do sheoladh baile tar éis dó nó di an clúdach a bheith faighte ar ais aige nó aici ó údaráis an phríosúin. Sa chás sin is féidir leat vótáil ag stáisiún de chuid an Gharda Síochána. (Chun é sin a dhéanamh ní mór duit a bheith i láthair ag stáisiún de chuid an Gharda Síochána agus an clúdach atá dírithe chugat, an páipéar ballóide neamh-mharcáilte agus an dearbhú céannachta a thabhairt de láimh do chomhalta den Gharda Síochána. Beidh sé de dhíth ort an dearbhú céannachta a chomhlánú agus a shíniú nó a mharcáil i láthair an Gharda agus é a thabhairt de láimh don Gharda. Más rud é go mbeidh an Garda deimhin de do chéannacht déanfaidh sé nó sí an dearbhú a fhianú agus déanfaidh sé nó sí an dearbhú céannachta a stampáil le stampa an stáisiúin de chuid an Gharda Síochána. Féadfaidh tú ansin an páipéar ballóide a mharcáil (go rúnda), é a chur sa chlúdach páipéir ballóide, na doiciméid go léir a chur san fhorchlúdach, é a shéalú agus an clúdach sin a sheoladh ar ais leis an bpost chuig an gceann comhairimh. Sna himthosca seo tá sé **de dhualgas ortsa** a chinntiú go gcuirfear an clúdach leis an bpost chuig an gceann comhairimh in am.)

I gcás gur aistríodh chuig príosún eile tú, féadfaidh údaráis an phríosúin an clúdach a sheoladh chugat an athuair ag an bpríosún nua ina bhféadfaidh tú vótáil. Mura bhfuil tú i bpríosún a thuilleadh, féadfaidh siad an clúdach a sheoladh an athuair chuig an gceann comhairimh agus cuirfidh seisean nó sise ar aghaidh chuig do sheoladh baile é más cuí sin.

IS CION É IARRATAS A DHÉANAMH CHUN BHEITH TAIFEADTA AR LIOSTA NA BPOSTVÓTÁLAITHE IN AINM DUINE EILE.

I GCÁS NACH MBEIDH TOGHTHÓIR A TAIFEADADH AR LIOSTA NA BPOSTVÓTÁLAITHE AG CÁILIÚ A THUILLEADH DON TAIFEADADH SIN (MURA BHFUIL SÉ NÓ SÍ I BPRÍOSÚN A THUILLEADH AGUS NACH GCÁILÍONN SÉ NÓ SÍ DÁ BHRÍ SIN DO VÓTÁIL LEIS AN BPOST) IS CÓIR DÓSAN NÓ DISE SCÉALA A THABHAIRT DON ÚDARÁS CLÁRÚCHÁIN.